2026/1349

22.6.2026

CINNEADH NA CÚIRTE GINEARÁLTA

an 29 Aibreán 2026

maidir le héisteachtaí, fógairt breithiúnas nó Tuairimí a chraoladh

[2026/1349]

Tá AN CHÚIRT GHINEARÁLTA,

Ag féachaint d'Airteagal 110a(8) agus Airteagal 219(8) dá Rialacha Nós Imeachta ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) D'fhonn forbairtí i dteicneolaíochtaí cumarsáide agus an gá go mbeidh an ceartas Eorpach chomh gar agus is féidir do shaoránaigh an Aontais a chur san áireamh, measann an Chúirt Ghinearálta gurb iomchuí cuid dá gníomhaíochtaí breithiúnacha a chraoladh ar shuíomh gréasáin Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh;

(2) Le roinnt éisteachtaí, fógairt breithiúnas nó Tuairimí i gcásanna os comhair na Cúirte Ginearálta a chraoladh ar shuíomh gréasáin Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chuirfí ar chumas daoine lena mbaineann gníomhaíochtaí breithiúnacha sin na Cúirte Ginearálta a leanúint gan gá le láithreacht fhisiciúil, rud nach bhfuil indéanta i gcónaí, mar gheall ar an taisteal atá i gceist nó ar chúiseanna eile a bhaineann, go háirithe, le staid phearsanta, eacnamaíoch nó airgeadais na ndaoine sin. Ar an gcaoi sin, chuirfí tuiscint níos fearr chun cinn maidir le ról na Cúirte Ginearálta agus ar a gníomhaíocht, d'áiritheofaí rochtain níos leithne ar na saincheisteanna dlí, ar na hargóintí agus ar na barúlacha arna gcur i láthair ag na páirtithe agus ag na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ('an Reacht') ag éisteachtaí agus chuirfí le trédhearcacht an phróisis cinnteoireachta;

(3) Foráiltear le hAirteagail 110a agus 219 de na Rialacha Nós Imeachta don fhéidearthacht éisteachtaí, faoi seach, i gcaingne díreacha agus i dtarchuir chun réamhrialú a chraoladh. Foráiltear leis na hAirteagail sin, ina míreanna 8 faoi seach, go gcinnfidh an Chúirt Ghinearálta na rialacha agus na socruithe cur chun feidhme le cinneadh a fhoilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

(4) Foráiltear le hAirteagal 246(5) de na Rialacha Nós Imeachta nach mbeidh feidhm ag forálacha Airteagail 110a agus 219 maidir le héisteachtaí a chraoladh go dtí teacht i bhfeidhm an chinnidh dá dtagraítear, faoi seach, in Airteagail 110a(8) agus 219(8) de na Rialacha Nós Imeachta;

(5) An 5 Feabhra 2025, ghlac an Chúirt Ghinearálta cinneadh ([2]) maidir le fógairt breithiúnas nó Tuairimí a chraoladh de bhun Airteagail 110a(8) agus 219(8) de na Rialacha Nós Imeachta, gan dochar do chinneadh ina dhiaidh sin maidir leis na rialacha agus na nósanna imeachta chun craoladh éisteachtaí a chur chun feidhme;

(6) Ní mór, dá bhrí sin, na rialacha agus na nósanna imeachta arna leagan síos maidir le craoladh éisteachtaí a chur chun feidhme a bheith faoi réir forálacha sonracha, i bhfianaise, go háirithe, an gá atá le suaimhneas na ndíospóireachtaí a áirithiú. Mar sin féin, ar mhaithe le comhsheasmhacht agus simplíocht, dealraíonn sé gurb iomchuí na rialacha agus na nósanna imeachta maidir le héisteachtaí, fógairt breithiúnas nó Tuairimí a chraoladh a bheith in aon chinneadh amháin. Dá bhrí sin, ní mór Cinneadh thuasluaite an 5 Feabhra 2025 a aisghairm.

([1]) Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta an 4 Márta 2015 (IO L 105, 23.4.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/proc_rules/2015/423/oj) arna leasú go deireanach an 10 Iúil 2024 (IO L, 2024/2095, 12.8.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/proc_internal/2024/2095/oj); ceartúchán IO L, 2024/90835, 23.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/proc_internal/2024/2095/corrigendum/2024-12-23/oj.

([2]) Cinneadh na Cúirte Ginearálta an 5 Feabhra 2025 maidir le fógairt breithiúnas nó Tuairimí a chraoladh de bhun Airteagal 110a(8) agus Airteagal 219(8) de na Rialacha Nós Imeachta (IO L, 2025/436, 3.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/436/oj).

(7) Ba cheart cosaint sonraí pearsanta a áirithiú agus éisteachtaí, fógairt breithiúnas nó Tuairimí á gcraoladh;

(8) Ós rud é go bhféadfar tagairt a dhéanamh don fhaisnéis a bhaineann le himeachtaí cúirte a fhoilsítear ar an idirlíon agus teacht uirthi ina dhiaidh sin trí innill chuardaigh a úsáid, iarrtar ar na páirtithe agus na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht aird a thabhairt ar Airteagail 66, 66a agus 201 de na Rialacha Nós Imeachta,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

Leagtar síos leis an gCinneadh seo na rialacha agus na socruithe maidir le héisteachtaí, agus fógairt breithiúnas nó Tuairimí a chraoladh ar shuíomh gréasáin Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme i gcásanna os comhair na Cúirte Ginearálta.

Airteagal 2

Cinneadh maidir le héisteacht a chraoladh

1. Déanfaidh an Dlísheomra, tar éis dó an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, cinneadh i dtaobh craoladh éisteachta.

2. Cinnfidh Uachtarán na Cúirte Ginearálta, tar éis dó Uachtarán an Dlísheomra a éisteacht, an ndéanfar fógairt breithiúnais a chraoladh. Ar an gcaoi chéanna, tar éis dó an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, cinnfidh sé an ndéanfar fógairt Tuairime a chraoladh.

Airteagal 3

Fógairt breithiúnas agus Tuairimí a chraoladh

1. Cuirfear in iúl do na páirtithe agus do na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht go gcraolfar fógairt an bhreithiúnais nó na Tuairime.

2. Déantar fógairt breithiúnas agus Tuairimí a chraoladh beo ar shuíomh gréasáin Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, an lá a bheidh socraithe don fhógairt sin.

3. Déanfar an craoladh sa teanga a úsáideann an cainteoir chun an breithiúnas nó an Tuairim a fhógairt, agus sna teangacha go léir ar cuireadh ateangaireacht chomhuaineach ar fáil.

4. Mura gcinnfidh Uachtarán na Cúirte Ginearálta a mhalairt, beidh fístaifeadadh den chraoladh ar fhógairt breithiúnas nó Tuairimí ar fáil ar shuíomh gréasáin Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

5. I gcás ina ndéantar fógairt breithiúnas nó Tuairimí a chraoladh, stóráiltear an fístaifead ar na freastalaithe arna n-úsáid ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

6. Coimeádfaidh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh fístaifeadtaí arna stóráil i gcomhréir leis an mír roimhe seo don chartlann agus féadfar iad a úsáid le haghaidh riachtanais chumarsáide nó féadfar iad a tharchur, arna iarraidh sin, chuig tríú páirtithe.

Airteagal 4

Éisteachtaí a chraoladh

1. Cuirfear in iúl do na páirtithe agus do na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht go gcraolfar an éisteacht agus tabharfar an deis do gach duine acu, i gcomhréir le hAirteagail 110a(3) agus 219(3) de na Rialacha Nós Imeachta, a iarraidh nach gcraolfar an éisteacht sin.

2. Déanfar éisteachtaí a chraoladh beo ar shuíomh gréasáin Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar bhonn moille.

3. Déanfar craoladh na héisteachta sa teanga a úsáideann an cainteoir agus sna teangacha go léir ar cuireadh ateangaireacht chomhuaineach ar fáil.

4. Gan dochar d'Airteagal 110a(6) agus (7) agus d'Airteagal 219(6) agus (7) de na Rialacha Nós Imeachta, beidh fístaifeadadh d'éisteachtaí arna gcraoladh ar fáil ar shuíomh gréasáin Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar feadh míosa tar éis dheireadh na héisteachta, mura gcinnfidh Uachtarán an Dlísheomra a mhalairt.

5. I gcás ina gcraoltar an éisteacht, déanfar an fístaifeadadh a stóráil ar na freastalaithe arna n-úsáid ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

6. Coimeádfaidh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh fístaifeadtaí arna stóráil i gcomhréir leis an mír roimhe seo don chartlann.

Airteagal 5

Gnéithe teicniúla

1. Déanfaidh seirbhísí inniúla Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh craoladh a sholáthar trí chóras slán arna bhainistiú nó arna úsáid ag an institiúid.

2. Beidh rochtain ag aon úsáideoir shuíomh gréasáin Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar an gcraoladh, gan gá le réamhchlárúchán.

Airteagal 6

Cineál an chraolta agus coinníollacha úsáide fístaifeadtaí

1. Ní hionann, in imthosca ar bith, éisteacht, fógairt breithiúnais nó Tuairime ón gCúirt Ghinearálta a chraoladh ar shuíomh gréasáin Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus ionstraim bharántúil.

2. Tá ateangaireacht chomhuaineach ar na himeachtaí ag éisteachtaí, atá ar fáil de réir mar is gá, ceaptha chun cumarsáid a éascú ag an éisteacht agus ní tuarascáil oifigiúil ar na himeachtaí í. Níl ach na focail a labhraítear sa seomra cúirte barántúil.

3. Forchoimeádtar gach ceart atáirgthe ar fhístaifeadtaí a chuirtear ar fáil ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide. Tá sé toirmiscthe mar sin éisteacht, fógairt breithiúnais nó Tuairime ón gCúirt Ghinearálta a chraoltar a thaifeadadh, a shábháil nó a íoslódáil, in aon fhoirm ar bith, go hiomlán nó go páirteach, cibé acu íomhánna nó fuaim, lena n-áirítear fuaim na mbealaí éagsúla ateangaireachta. Tá toirmeasc, freisin, éisteacht, fógairt breithiúnais nó Tuairime ón gCúirt Ghinearálta a athchraoladh i bhfoirm ar bith, go hiomlán nó go páirteach.

Airteagal 7

Cosaint sonraí pearsanta

1. Beidh feidhm ag na sásraí rialaithe inmheánaigh le haghaidh próiseáil sonraí pearsanta a dhéantar i gcomhthéacs fheidhmeanna breithiúnacha na Cúirte Ginearálta maidir leis na bearta arna nglacadh chun an craoladh a chur chun feidhme.

2. Cuirfear na rannpháirtithe in éisteacht de chuid na Cúirte Ginearálta a chraoltar ar an eolas go cuí faoin gcraoladh sin. Déanfar bearta laistigh den seomra cúirte chun bailiú íomhánna agus sonraí pearsanta a íoslaghdú. Dá réir sin, déanfar suíocháin áirithe, arna sainaithint go cuí, a eisiamh ó réimse radhairc na gceamaraí.

Airteagal 8

Aisghairm

Cuirtear an cinneadh seo in ionad chinneadh na Cúirte Ginearálta an 5 Feabhra 2025 maidir le fógairt breithiúnas nó Tuairimí a chraoladh de bhun Airteagal 110a(8) agus Airteagal 219(8) de na Rialacha Nós Imeachta.

Airteagal 9

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 29 Aibreán 2026.

Cláraitheoir	*Uachtarán*
V. DI BUCCI	M. VAN DER WOUDE